II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1593 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Iúil 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1598 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh 2012/285/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau ([1]) ,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí na Bealtaine 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/285/CFSP ([2]) agus Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ([3]).

(2) De bhun Airteagal 5(2) de Chinneadh 2012/285/CBES agus Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) Uimh 377/2012, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau agus tháinig sí ar an gconclúid gur cheart foráil maidir le díolúine dhaonnúil is infheidhme maidir le gníomhaithe áirithe, mar a liostaítear i Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a chur isteach i ndáil le bearta comhlántacha an Aontais a bhaineann le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, ar cistí nó acmhainní eacnamaíocha iad is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na gníomhaithe seo a leanas a thabharfaidh an chabhair nó a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

(a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, mar aon lena ngníomhaireachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

([1]) Féach leathanach 23 den Iris Oifigiúil.

([2]) Cinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/237/CBES (IO L 142, 1.6.2012, lch. 36).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 ón gComhairle an 3 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau (IO L 119, 4.5.2012, lch. 1).

(c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;

(d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltaobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achainíocha nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;

(e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS